Bhronn Ioncam Intire stádas carthanachta ar Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus, dá réir, tá sé díolmhaithe ó cháin chorparáideach a íoc ar a chuid gníomhaíochtaí.

Éachtaí agus Feidhmíocht

Léiríonn Ráiteas na nGníomhaíochtaí Airgeadais (SOFA) an t-aistriú sna cistí carthanachta uilig roinnte idir cistí neamhshrianta (airgid ar féidir baint bheith ag cuspóir carthanachta ar bith aige le cuspóirí an Iontaobhais) agus cistí srianta (airgid soláthraithe do chuspóirí ar leith).

Ba é £195,413 (£374,442 don bhliain dar chríoch 31 Márta 2023) an méid iomlán foinsí fáiltas neamhshrianta a tháinig isteach. Ba iad tabhartais de £53,289 ó TACA agus ón Chiste Infheistíochta, £87,720 d'ioncam cíosa agus £39,193 d'ioncam iarchurtha eisithe agus £14,388 d'ioncam eile a tháinig ó bharrachas maoinithe na scoileanna dílsithe agus ó sheomra cruinnithe Áras na bhFál a ligean ar cíos do pháirtithe seachtracha na príomhfhoinsí ioncaim iad.

Ba é £241,362 méid an chaiteachais neamhshrianta don bhliain inar caitheadh £3,000 de ar dheontais a tugadh do Ghaelscoil chun cuidiú lena costais reatha i rith na bliana.

Bhí easnamh san Iontaobhas de £45,949 ina chistí neamhshrianta i mbliana. Bhí sé seo amhlaidh mar gheall ar an mhéadú sna caiteachais ar réadmhaoin a dheisiú agus a athchóiriú ina raibh méadú de £35,715, agus de £12,872 i soisiú agus i dteas go príomha.

Ina theannta sin, leanann an tIontaobhas ar aghaidh maoiniú a chur ar fáil do Ghaelscoileanna go fóill le haghaidh costas cóiríochta agus reatha tríd an Chiste cóiríochta. Tugadh maoiniú de £145,116 do Ghaelscoileanna.

Athbhreithniú Airgeadais

Bhí cúlchistí neamhshrianta de £1,518,296 ag an Iontaobhas ar 31 Márta 2023. Is i aidhm na nIontaobhaithe leibhéal cúlchistí a choinneáil a ligfidh dó na costais reatha atá aige go fóill a chlúdach agus le deontais a thabhairt do Ghaelscoileanna. Déanfaidh na hIontaobhaithe athbhreithniú ar leibhéal ioncaim agus caiteachais an Iontaobhais ar bhonn leanúnach fós le cinntiú go gcoinneoidh sé leibhéal réasúnta cúlchistí go fóill.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

TUARASCÁIL NA nIONTAOBHAITHE (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

Gnóthas Leantach

Léiríonn an Clár Comhardaithe ag deireadh na bliana go raibh cúlchistí neamhshrianta de £1,518,296 agus cúlchistí srianta de £2,109,036 ann. Iniúchfaidh na hIonntaobhaithe na deiseanna le hioncam a shaothrú go fóill a chuirfidh ar a chumas deontais a thabhairt do Ghaelscoileanna.

Chinn na hIonntaobhaithe go bhfuil bunús an ghnóthais leantaigh cuí, mar gheall ar leibhéal cuí na gcúlchistí agus ar an fhoirgneamh á ligean ar cíos go hiomlán.

Mar gheall ar an eolas thuasluaite, is í barúil na n-ionntaobhaithe go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

Infheistíochtaí

Bhí tógáil fhoirgneamh Áras na bhFál ar Bhóthar na bhFál críochnaithe ag an Ionntaobhas i mí Eanáir 2020. Tá an fhoirgneamh á ligean ar cíos anois le cistí a sholáthar don Ionntaobhas a chuirfidh ar a chumas a chuid gníomhaíochtaí earthanachta a dhéanamh go fóill.

Na Pleananna don Todhchaí

Sa bhliain atá le teacht leanfaidh an tIonntaobhas ar aghaidh maoiniú a chur ar fáil do Ghaelscoileanna le haghaidh costas cóiríochta agus reatha fós.

Struchtúr, Rialachas agus Bainistíocht

Seo a leanas na hIonntaobhaithe a bhí ann i rith na bliana:

Jackie Fitzpatrick
Lorcán Mac Gabhann
Kathryn De Brun
Gearóid Ó Muilleoir
Pilib Mistéil
Padraig Ó Ceallaigh

Iniúcháirí

I ndiaidh gur faomhadh na cuntais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Márta 2017 ag bord Ionntaobhas na Gaelscolaíochta, chuaigh an tIonntaobhas i mbun próisis tairisceana le cuntais iniúchta do na trí bliana atá le teacht a sholáthar. Mar thoradh ar an phróiseas tairisceana seo cheap Ionntaobhas na Gaelscolaíochta SLMD Limited T/A Bridge Chartered Accountants go ceann seal de trí bliana.

De dheasca na srianta mar gheall ar Covid-19, níor lorgaíodh tairiscint nua ar bith agus d'aontaigh an coiste go leanfadh sé ar aghaidh le SLMD Ltd T/A Bridge, Chartered Accountants mar na hiniúcháirí don bhliain dar chríoch 31 Márta 2023.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA nIONTAOBHAI THE

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

Tá na hIontaobhaithe freagrach as Tuarascáil na nIontaobhaithe agus na cuntais a ullmhú de réir an dlí bhaintigh agus Chaighdeáin Chuntasaíochta na Ríochta Aontaithe (Cleachtas Glactha Cuntasaíochta na Ríochta Aontaithe).

De réir an Achta um Charthanachtaí (TÉ) 2008, ní mór do na hIontaobhaithe ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a léiríonn staid fhíor agus chothrom an Iontaobhais.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú acu, ní mór do na hIontaobhaithe:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- cloí le modhanna agus prionsabail charthanachta SORP;
- breithiniúnais agus tomhais a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- dearbhú cé acu a cloíodh leis na caighdeáin chuí cuntasaíochta nó nár cloíodh, ag cur san áireamh aon eisceachtaí ábhartha sonracha luaite sna cuntais; agus
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go síltear nach féidir leis an Iontaobhas leanstan ar aghaidh sa ghnó.

Tá na hIontaobhaithe freagrach as taifid chuí cuntasaíochta a choinneáil a chuireann síos go measartha beacht ar staid airgeadais an Iontaobhais agus a chuireann ar a gcumas go gcloíonn na cuntais leis an dlí carthanachta reatha agus le forálacha ghníomhas an iontaobhais. Tá na hIontaobhaithe freagrach faoi seach as sócmhainní an Iontaobhais a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus gníomhaíocht mhírialta eile nach é a stopadh nó a aimsiú.

Bhí tuarascáil na nIontaobhaithe faofa ag Bord na nIontaobhaithe.

Oifig chláraithe:
Áras na bhFál
Béal Feirste
Tuaisceart Éireann
BT12 6AH

P. Ó Ceallaigh

An tUasal P Ó Ceallaigh
Cisteoir

Dáta: *11/1/24*

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

DO CHOMHALTAÍ IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

Tuairim

Rinne muid iniúchadh ar ráitis airgeadais Iontaobhas na Gaelscolaíochta ('an tIontaobhas') don bhliain dar chríoch 31 Márta 2023 a chuimsíonn Ráiteas ar na Gníomhaíochtaí Airgeadais, an Chlár Comhardaithe, nótaí ar na cuntais móide achoimre ar pholasaithe cuntasáíochta tábhachtacha. Cloíonn an chreatlach tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na cuntais á n-ullmhú le dlíthe agus Caighdeán Chuntasáíochta na Ríochta Aontaithe, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland* (Cleachtas Glactha Cuntasáíochta na Ríochta Aontaithe) san áireamh.

Dar linn:

- tugann na cuntais léargas firinneach cóir ar chúrsaí airgeadais an Iontaobhais suas go 31 Márta 2023 agus ar na hacmhainní atá ag teacht isteach agus cur i bhfeidhm na n-acmhainní sin don bhliain atá thart;
- ullmhaíodh na cuntais mar ba chóir de réir Chleachtas Glactha Chuntasáíochta na Ríochta Aontaithe; agus
- ullmhaíodh na cuntais de réir riachtanais an Achta um Charthanachtaí (TÉ) 2008.

Bunús na tuairime

Rinne muid iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA) (ISAs (RA) agus an dlí bhaintigh. Déantar tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí de réir na gcaighdeán sin i bhfreagrachtaí an Iniúcháir as iniúchadh a dhéanamh ar an chuid dár dtuarascáil a bhaineann leis na cuntais. Tá muid neamhspleách den Iontaobhas de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais sa Ríocht Aontaithe, ina measc, Caighdeán Eiticíúla an FRC, chomhlíon muid ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile de réir na riachtanas seo. Creideann muid gur leor agus gur chuí an fhianaise a fuair muid mar bhunús dár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais, chinn muid go bhfuil úsáid na nIontaobhaithe de bhunús ghnóthas leantach na cuntasáíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn níl éiginnteacht ábhartha ar bith a bhainfeadh le himeachtaí nó coinníollacha, go hindibhidiúil nó le chéile agus a d'fhéadfadh amhras mór a chaitheamh ar chumas an Iontaobhais glacadh le bunús ghnóthas leantach na cuntasáíochta go fóill ar feadh tréimhse dhá mhí déag ón dáta a dtugtar údarás na cuntais a eisiúint, aitheanta againn.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na nIontaobhaithe maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Eolas eile

San eolas eile tá faisnéis sa tuarascáil bhliantúil, seachas sna ráitis airgeadais agus inár dtuarascáil iniúcháir. Tá na nIontaobhaithe freagrach as an eolas eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, seachas sa mhéid a chuirtear a mhalairt in iúl go soiléir inár dtuarascáil, ní chuireann muid gealltanais ar bith i dtaobh na conclúide in iúl.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is í ár bhfreagracht í an t-eolas eile a léamh, agus sin á dhéanamh againn, smaoinemh ar cé acu atá an t-eolas seo neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a d'aimisigh muid san iniúchadh nó nach bhfuil nó má tá an chuma air gur míshonraíodh go hábhartha é. Má aithníonn muid a leithéid de neamhréireanna ábhartha nó míshonruithe ábhartha shoiléire sin, tá dualgas orainn cinneadh a dhéanamh ar cé acu atá míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha ar an eolas eile nó nach bhfuil. Má dhéanann muid cinneadh, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go raibh míshonrú ábhartha ar an eolas eile seo, ní mór dúinn sin a chur in iúl.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis seo.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH (AR LEAN) DO CHOMHALTAÍ IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

Eisceachtaí ar a gcaithfidh muid tuairisciú

I bhfianaise eolas agus tuiscint na nIontaobhaithe agus a cúinsí aimsithe i rith an iniúchta, ní raibh míshonrú ábhartha ar bith aitheanta againn i dTuarascáil na nIontaobhaithe.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis na cúrsaí seo a leanas a bhaineann le Rialacháin (Cuntais agus Tuarascálacha) na gCarthnachtaí (TÉ) 2015 a chuireann dualgas dlí orainn tuairisciú duit, má shíleann muid:

- nach bhfuil an t-eolas a i dTuarascáil na nIontaobhaithe ag teacht leis na cuntais ar dhóigh ábhartha ar bith; nó
- nár coinníodh taifid chuntasaíochta shásúla, nó nach bhfuair muid tuairisceáin ó bhraintí nár thug muid cuairt orthu a bhí sásúil dár n-iniúchadh; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid agus tuairisceáin chuntasaíochta; nó
- nó nach bhfuair muid an t-eolas agus na míniúcháin go léir atá ag teastáil uainn dár n-iniúchadh.

Freagrachtaí na nIontaobhaithe

Go díreach mar a cuireadh síos orthu sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na nIontaobhaithe, tá na hIontaobhaithe freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ann agus as a leithéid sin de smacht inmheánach a chinneann na hIontaobhaithe riachtanach le cuntais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de dheasca calaoise nó carráidí nó nach mbíodh.

Tá freagracht ar na hIontaobhaithe, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, measúnú a dhéanamh ar chumas an Iontaobhais leanstan ar aghaidh mar ghnóthas leantach, cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is cuí, nó bunús ghnóthas leantach na cuntasaíochta a úsáid muna bhfuil rún ag na hIontaobhaithe stop a chur le hoibríochtaí, nó muna bhfuil rogha réadúil ar bith eile acu, ach sin a dhéanamh.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH (AR LEAN)

DO CHOMHALTAÍ IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta go bhfuil na cuntais saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise, nó earráide agus le tuarascáil an iniúchóra a fhoilsiú ina bhfuil ár dtuairim. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní barántas é go nochtfaidh iniúchadh déanta de réir ISAs (RA) míshonrú ábhartha i gcónaí má bhíonn sé ann. Is féidir le míshonruithe bheith ann de dheasca calaoise nó earráide agus meastar mar ábhartha iad, ar bhonn indibhidiúil nó san iomlan, dá dtiocfadh leo tionchar réasúnta bheith acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí dá ndéanfaí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo iad.

Tá an méid is féidir lenár nósanna imeachta mírialtachtaí a aimsiú, calaois san áireamh, mionsonraithe thíos.

An méid is féidir lenár nósanna imeachta mírialtachtaí a aimsiú, calaois san áireamh

Ba iad seo a leanas ár gcur chuige maidir leis na rioscaí de mhíshonrú ábhartha ó thaobh mírialtachtaí de, a aithint, calaois agus neamhchloí le dlíthe agus rialacháin san áireamh:

- rinne an páirtneoir iontaofachta cinnte go raibh an cumas, na hábaltachtaí agus na scileanna cuí ag an fhoireann iontaofachta iomlán neamhchloí le dlíthe agus rialacháin bhainteacha a aithint;
- d'aithin muid na dlíthe agus na rialacháin atá bainteach leis an Iontaobhas trí chaibidlí le hIontaobhaithe agus le comhaltaí bainistíochta eile, agus ón eolas agus ón taithí atá againn ar an earnáil charthanachta;
- dhirigh muid ar dhlíthe agus ar rialacháin ar leith a shíl muid go bhféadfadh siad tionchar ábhartha díreach a bheith acu ar na ráitis airgeadais nó ar oibríochtaí an Iontaobhais, ina measc Acht um Charthanachtaí 2008, reachtaíocht chánach cosaint sonraí dlíthe frithbhreabaireachta agus fostaíochta.
- rinne muid measúnú ar mhéid an chloí leis na dlíthe agus na rialacháin aitheanta thuas nuair a rinne muid fiosruithe ar an bhainistíocht agus cigireacht ar chomhfhreagrás dleathach; agus;
- cuireadh na dlíthe agus na rialacháin aitheanta in iúl don fhoireann iniúchta go rialta agus d'fhan an fhoireann airdeallach ar chásanna de neamhchloí ar fud fad an iniúchta.

Rinne muid measúnú ar bhaoil ráitis airgeadais an Iontaobhais ó mhíshonrú ábhartha, ina measc, tuiscint a fháil ar an dóigh a bhféadfadh calaois tarlú, trí:

- iarraidh ar an bhainistíocht ar na huaireanta a shíl siad go raibh an baol ó chalaos ann, a n-eolas ar chalaos fhíor, amhrasta agus líomhnaithe; agus

Le tabhairt faoi na rioscaí calaoise trí chlaontacht bhainistíochta agus smachtanna a sháru:

- chuir muid nósanna imeachta anailíseacha i bhfeidhm le caidreamh neamhghnách ar bith nó nach raibh aon choinne leo a aithint;
- rinne muid scrúdú ar iontrálacha sna leabhair chúnta le hidirbheart neamhghnách ar bith a aithint;
- d'fhiosraigh muid an bunús taobh thiar de hidirbhearta móra nó neamhghnácha.

Mar fhreagairt don riosca mírialtachtaí agus neamhchloí le dlíthe agus rialacháin, leag muid nósanna imeachta amach ina raibh, ach nach raibh teoranta do:

- nochtáí ráitis airgeadais i mbuncháipeisíocht thacaíochta a aontú;
- miontuairiscí chruinnithe na ndaoine sin a bhfuil freagracht rialachais acu a léamh;
- comhairle a fháil ón bhainistíocht maidir le dlíthíocht agus éilimh fhíora nó fhéideartha; agus

Tá teorainneacha ann ag baint lenár nósanna imeachta iniúchta ar chuir muid síos orthu thuas. A mhó agus a bhaintear na dlíthe agus na rialacháin ó idirbhearta airgeadais, is beag is dócha an t-colas a bheadh againn ar neamhchloí leo. Cuireann caighdeán iniúchta teorainn ar na nósanna imeachta iniúchta atá de dhíth fosta le neamhchloí le dlíthe agus rialacháin a aithint, le fiosrú na nIontaobhaithe agus bainistíochta eile agus le cigireacht a dhéanamh ar chomhfhreagrás rialála agus dleathach, má bhíonn siad ann.

Is féidir go mbeidh míshonruithe ábhartha a thagann anuas de dheasca calaoise níos deacra le haimsiú ná na cinn sin a thagann anuas ó earráidí mar d'fhéadfadh ceilt nó claonpháirteachas bheith i gceist leo.


Tá tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais ar shuíomh idirlín na Comhairle um Thuairiscíú Airgeadais ag: www.frc.org.uk/auditorsresponsibilities. Tá an cur síos seo mar chuid dár dtuarascáil iniúchóra.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH (AR LEAN)

DO CHOMHALTAÍ IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

Cuirtear an tuarascáil seo in iúl d'Iontaobhaithe na carthanachta anmháin, mar chomhlacht, de réir alt 65 d'Acht na gCarthanachtaí (TÉ) 2008 agus na rialachán déanta faoi alt 66 den Acht sin. Rinneadh ár n-obair iniúchta sa dóigh go bhféadfadh muid na cúinsí sin a bhfuil dualgas orainn cur in iúl dóibh i dtuarascáil an iniúchóra a chur in iúl d'iontaobhaithe na carthanachta agus gan do chuspóir ar bith eile. Sa mhéid agus atá sé ceadaithe againn de réir an dlí, ní ghlacann muid le freagracht do dhuine ar bith seachas don Iontaobhas agus dá iontaobhaithe mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá againn.


An Bhean Uasal Lisa McCaffrey (Iniúcháir Reachtúil Sinsearach)
do agus ar son SLMD Limited
Chartered Accountants
Statutory Auditor
Unit G
Forestview Office
Purdy's Lane
BT8 7AR

11/1/24
.....

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS LENA nÁIRÍTEAR CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

| | Nótaí | Cistí Neamhsrianta £ | Cistí Srianta £ | Iomlán 2023 £ | Iomlán 2022 £ |
|--|-------|----------------------------|-----------------------|---------------------|---------------------|
| <u>Ioncam agus dearlaicí ó:</u> | | | | | |
| Tabhartais agus Deontais | 2 | 53,659 | 2,107,180 | 2,160,839 | 616,280 |
| Gníomhaíochtaí carthanachta | 3 | 129,113 | - | 129,113 | 97,572 |
| Infheistíochtaí | 4 | 453 | - | 453 | 169 |
| Ioncam eile | 5 | 12,188 | - | 12,188 | - |
| | | <hr/> | <hr/> | <hr/> | <hr/> |
| Ioncam agus dearlaicí iomlána | | 195,413 | 2,107,180 | 2,302,593 | 714,021 |
| | | <hr/> | <hr/> | <hr/> | <hr/> |
| <u>Caiteachas ar:</u> | | | | | |
| Gníomhaíochtaí carthanachta | 6 | 241,362 | 179,116 | 420,478 | 424,729 |
| Eile | 10 | - | - | - | 31,168 |
| | | <hr/> | <hr/> | <hr/> | <hr/> |
| Méid iomlán acmhainní caite | | 241,362 | 179,116 | 420,478 | 455,897 |
| | | <hr/> | <hr/> | <hr/> | <hr/> |
| Ioncam glan/(caiteachas) don bhliain/ Glanghluaiseacht i gcistí | | (45,949) | 1,928,064 | 1,882,115 | 258,124 |
| Iarmhéid na gcistí ar 1 Aibreán 2022 | | 1,564,245 | 180,972 | 1,745,217 | 1,487,093 |
| | | <hr/> | <hr/> | <hr/> | <hr/> |
| Iarmhéid na gcistí ar 31 Márta 2023 | | 1,518,296 | 2,109,036 | 3,627,332 | 1,745,217 |
| | | <hr/> <hr/> | <hr/> <hr/> | <hr/> <hr/> | <hr/> <hr/> |

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

CLÁR COMHARDAITHE

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|-------|-------------------------|-------------------------|
| | | £ | £ |
| Sócmhainní seasta | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 12 | 2,532,438 | 2,586,190 |
| Caiteachas ceadaithe ar fhoirgnimh scoile | 13 | - | 490,236 |
| Réadmhaoin infheistíochta | 14 | 266,392 | 266,392 |
| | | <u>2,798,830</u> | <u>3,342,818</u> |
| Sócmhainní reatha | | | |
| Fiachóirí | 15 | 33,860 | 125,304 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar lámh | | 2,739,119 | 291,997 |
| | | <u>2,772,979</u> | <u>417,301</u> |
| Creidiúnaithe: méideanna ag titim infíochta laistigh de bhliain amháin | 16 | (141,614) | (172,846) |
| Glansócmhainní reatha | | <u>2,631,365</u> | <u>244,455</u> |
| Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha | | <u>5,430,195</u> | <u>3,587,273</u> |
| Creidiúnaithe: méideanna ag titim infíochta i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 17 | (1,802,863) | (1,842,056) |
| Glansócmhainní | | <u><u>3,627,332</u></u> | <u><u>1,745,217</u></u> |
| Cistí ioncaim | | | |
| Cistí srianta | 19 | 2,109,036 | 180,972 |
| Cistí neamhsrianta | 18 | 1,518,296 | 1,564,245 |
| | | <u><u>3,627,332</u></u> | <u><u>1,745,217</u></u> |

Ghlac na hIonntaobhaithe leis na cuntais ar 11/1/24



An tUasal P Ó Ceallaigh
Cisteoir

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

1 Polasaithe Cuntasaíochta

1.1 Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhíodh na ráitis airgeadais seo de réir FRS 102 “The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland” (FRS 102); Ráiteas an Chleachtais Ghlactha a bhaineann le Carthanachtaí (Carthanachtaí SORP FRS 102) agus riachtanais an Achta um Charthanachtaí (Tuaisceart Éireann) 2008.

Is i steirling a ullmhíodh na cuntais, airgeadra feidhmeach an Iontaobhais. Déantar méideanna airgid sna ráitis airgeadais seo a chur leis an £ is gaire.

Ullmhíodh na cuntais seo de réir an choinbhinsiúin stairiúil um chostais, a athraíodh le hathluacháil na réadmhaoine ruilse, réadmhaoin infheistíochta agus ionstraimí airgeadais ar leith a chur san áireamh ar luach chothrom. Leagtar na príomhpholasaithe cuntasaíochta ar glacadh leo amach thíos.

Comhlíonann Iontaobhas na Gaelscolaíochta an sainmhíniú ar aonán tairbhe an phobail faoi réir FRS 102.

1.2 Gnóthas leantach

Ag an am agus na cuntais seo á bhfaomhadh againn, tá ionchas réasúnta ag na hlontaobhaithe go bhfuil go leor sócmhainní ag an Iontaobhas le bheith ag leanstan leis an ghnó amach anseo. Ar an dóigh sin, leanann na hlontaobhaithe ar aghaidh glacadh le gnóthas leantach na cuntasaíochta agus na cuntais á n-ullmhú.

Mar go bhfuil príomhacmhainní ioncaim an Iontaobhais ó ioncam cíosa agus ó mhaoiniú an rialtais, cinntear nach bhfuil ceist gnóthais leantaigh ann.

Tionchar Covid-19

Ag dáta an tsinthe, lean an tIontaobhas ar aghaidh feidhmiú go héifeachtúil le linn phaindéim Covid-19 gan ach cur isteach beag don mhaoiniú a bhí ar fáil.

1.3 Acmhainní isteach

Is ionann acmhainní isteach agus maoiniú ó aisíneachtaí reachtúla, deonacháin dheonacha agus ioncam cíosa éagsúil.

Is ionann ioncam ón rialtas agus deontais eile cé acu a aithnítear deontais caipitil nó ioncaim nó nach n-aithnítear nuair atá an tIontaobhas i dteideal na gcistí agus gur baineadh amach aon choinníoll gnóthacháin a bhain leo, is dócha go bhfaighfeadh an t-ioncam agus gur féidir an méid a thomhas go cruinn agus ní chuirfeadh siar é. Aithnítear deonacháin airgid nuair a fhaightear iad.

San ioncam ó ghníomhaíochtaí carthanachta tá ioncam cíosa a mbíonn cuntas á thabhairt air ar bhonn fabhráithe. San ioncam cíosa tá iocaíochtaí ó Údarás Oideachais Thuaisceart Éireann as cóiríocht sna Gaelseoileanna a fháil ar cíosa, agus iocaíochtaí ó thionóntaithe na maoine ag 145 Bóthar na bhFál, Béal Feirste agus ag 200-202 Bóthar na bhFál, Béal Feirste.

Baineann ioncam infheistíochta le hús bainc a fhaightear.

1.4 Acmhainní caite

Tugtar cuntas ar na hacmhainní caite ar bhonn fabhráithe agus tá siad luaite sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais don tréimhse lena mbaineann siad.

I measc na ggníomhaíochtaí carthanachta tá caiteachas i geur chun cinn a chuspóirí carthanachta, ina measc, caiteachas ar scoileanna ó dheontais do thacaíocht airgeadais agus chóiríochta, do chostais foirne agus chostais tacaíochta maidir leis na gníomhaíochtaí seo agus leis an Iontaobhas.

Sna costais rialachais tá na costais sin a tabhíodh i rialú an Iontaobhais agus a bhaineann go príomha le cúrsaí bunreachtúla, reachtúla agus straitéiseacha.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

1 Polasaithe Cuntasaíochta

(Ar Lean)

1.5 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thomhas de réir an bhunchostais agus ina dhiaidh sin de réir costais nó luachála, agus glan ar dhiluacháil nó aon chailteanas lagaithe.

Tá ráta diluachála ann le costas nó luach iarmharach a ghlanadh ar shócmhainn ar bith thar a n-ionchais mharthana mar a leanas:

| | |
|------------------------------|------------------------------|
| Talamh agus foirgnimh ruilse | 2% line dhíreach |
| Daingneáin agus feistis | 20% iarmhéid laghdaitheach |
| Ríomhairí | 33.3% iarmhéid laghdaitheach |

Ní ghearrtar táille dimheasa sa bhliain ina bhfaightear/ina dtógtar na foirgnimh. Dimheastar gach sórt sócmhainne eile sa bhliain ina bhfaightear iad.

1.6 Réadmhaoin Infheistíochta

Athrangaiodh an réadmhaoin ruilse, Áras na bhFál ar 142-144 Bóthar na bhFál, Béal Feirste, agus é ina sheibh ar 1 Aibreán 2021, de réir FRS 102 alt 16, Réadmhaoin Infheistíochta, faoi shócmhainní seasta inláimhsithe mar d'aithin an tIonntaobhas go bhfuil seilbh aige uirthi agus an cuspóir atá ann, ioncam cíosa a shaothrú.

1.7 Ionstraim Airgeadais

Bunshócmhainní airgeadais

Aithnítear bunshócmhainní airgeadais, ar cíos agus fiachóirí eile chomh maith le hiarmhéideanna airgid agus bainc san áireamh, ar phraghas idirbhirt.

Bundhliteanais airgeadais

Aithnítear bundhliteanais airgeadais, iníocthaigh san áireamh, ar phraghas idirbhirt.

Aithnítear dlíteanais eile a luaithe agus a bhfuil dualgas dleathach nó inchiallaithe ar an Ionntaobhas acmhainní a íoc.

1.8 Liúntais Scoir

Cuireann an tIonntaobhas sainseáim ranniocaíochta pinisin i bhfeidhm dá fhostaithe. Tá sócmhainní na scéime scartha ó shócmhainní an Ionntaobhais. Gearrtar na ranniocaíochtaí bliantúla atá iníoctha ar Ráiteas na nGníomhaíochtaí Airgeadais.

1.9 Infheistíocht i bhFoirgnimh Scoile

Rangaítear costais ceannach suíomhanna agus tógáil foirgneamh scoile mar airgead caipitil sa mhéid is go bhfuil siad i dteideal bheith aisíoctha ar cheadú deonmhaoiniú ón Roinn Oideachais. Ar an ábhar sin, dar leis na hIonntaobhaithe ní réadmhaoin infheistíochta iad mar a chuirtear síos orthu in FRS 102 na hinfeistíochtaí i bhfoirgnimh scoile. Go dtí go ndílseoidh an Roinn na foirgnimh agus go n-aisíocfar an caiteachas, aithnítear costais ar an chlár comhardaithe mar thalamh agus fhoirgnimh faoi shócmhainní seasta.

Gearrtar an caiteachas nach bhfaigheann an Roinn Oideachais ar ais nuair a dhílsítear na foirgnimh ar Ráiteas na nGníomhaíochtaí Airgeadais sa bhliain ina dtarlaíonn an dílsiú.

Mar go bhfuil na hIonntaobhaithe ag súil le haisíoc iomlán ón Roinn Oideachais don chaiteachas go léir a tabhaíodh, ní dhéantar dimheas ar an infheistíocht i bhfoirgnimh scoile.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

1 Polasaithe Cuntasaíochta

(Ar Lean)

1.10 Deontais Rialtais

Aithnítear deontais rialtais nuair atá sé réasúnta le bheith ag súil leis go bhfaighfear na deontais agus go gcomhlíonfar gach coinníoll bainteach, agus éileamh bailí le haghaidh íocaíochta á chur isteach de ghnáth.

Cuirtear deontais rialtais maidir le caiteachas caipitil isteach i gcuntas ioncaim iarchurtha agus éisítear mar bhrabús iad thar ionchais mharthana na sócmhainní ábhartha ina ngálaí cothroma. Sa bhliain reatha, eisíodh an t-ioncam iarchurtha agus gearrtar an dímheas i mbliain a chuir i gcrích.

Cuirtear deontais a bhfuil gné ioncaim acu isteach in ioncam sa dóigh is go meaitseálann siad an caiteachas lena mbaineann siad.

Bronnadh deontas iomlán de £1,579,698 ar Iontaobhas na Gaelscolaíochta faoin Clár Chiste Infheistíochta Sóisialta (SIF), £285,452 ón Chiste Infheistíochta Gaeilge agus £94,485 ón Roinn Pobal maidir le tógáil fhoirgneamh Áras na bhFál ag 200-202 Bóthar na bhFál, Béal Feirste.

2 Deonacháin agus Deontais

| | Cistí Neamhsrianta | Cistí Srianta | Iomlán 2023 | Iomlán 2022 |
|--|-----------------------|------------------|------------------|----------------|
| | £ | £ | £ | £ |
| Deonacháin agus féiríní | 370 | - | 370 | 280,829 |
| TACA | 50,289 | - | 50,289 | 76,451 |
| Ciste Infheistíochta | 3,000 | - | 3,000 | - |
| Ciste Cóiríochta | - | 2,107,180 | 2,107,180 | 259,000 |
| | <u>53,659</u> | <u>2,107,180</u> | <u>2,160,839</u> | <u>616,280</u> |
| Don bhliain dar chríoch 31 Márta 2022 | <u>276,701</u> | <u>339,579</u> | | <u>616,280</u> |

3 Gníomhaíochtaí Carthanachta

| | 2023 £ | 2022 £ |
|---------------------------|----------------|---------------|
| Ioncam cíosa carthanachta | 87,720 | 42,968 |
| Ioncam eile | 41,393 | 54,604 |
| | <u>129,113</u> | <u>97,572</u> |

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

4 Infheistíochtaí

| | 2023 | 2022 |
|-------------------|------|------|
| | £ | £ |
| Ús baine infhálta | 453 | 169 |

5 Ioncam Eile

| | 2023 | 2022 |
|---------------------------------|--------|------|
| | £ | £ |
| Barrachas ar dhílsiú scoileanna | 12,188 | - |

6 Gníomhaíochtaí Carthanachta

| | 2023 | 2022 |
|--|----------------|----------------|
| | £ | £ |
| Costais fhoirne | 135,438 | 125,624 |
| Maoiniú deontais ghníomhaíochtaí (féach ar nóta 7) | 3,000 | 10,000 |
| Sciar de chostais tacaíochta (féach ar nóta 8) | 288,894 | 264,825 |
| Sciar de chostais rialachais (féach ar nóta 8) | (6,854) | 24,280 |
| | <u>420,478</u> | <u>424,729</u> |
| Anailís de réir ciste | | |
| Cistí neamhshrianta | 241,362 | |
| Cistí srianta | <u>179,116</u> | |
| | <u>420,478</u> | |
| Don bhliain dar chríoch 31 Márta 2022 | | |
| Cistí neamhshrianta | | 179,372 |
| Cistí srianta | | <u>245,357</u> |
| | | <u>424,729</u> |

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

7 Deontais

| | 2023 £ | 2022 £ |
|--------------------------|-----------|-----------|
| Caiteachas ar scoileanna | 3,000 | 10,000 |

8 Costais Tacaíochta

| | Costais Tacaíochta £ | Costais Rialachais £ | 2023 £ | 2022 £ | Bunús an dáilte |
|--|----------------------------|----------------------------|----------------|----------------|-----------------|
| Diluacháil | 53,752 | - | 53,752 | 58,038 | |
| Speanais riaracháin | 8,509 | - | 8,509 | 14,688 | |
| Taisteal agus maireachtáil | 2,253 | - | 2,253 | 1,986 | |
| Speanais áitriochta | 78,948 | - | 78,948 | 28,655 | |
| Ús bainc | 315 | - | 315 | 244 | |
| Caiteachas an chiste chóiríochta | 145,117 | - | 145,117 | 161,214 | |
| Táillí iniúchta | - | 3,180 | 3,180 | 3,000 | Rialachas |
| Táillí dleathacha agus gairmiúla | - | (10,034) | (10,034) | 21,280 | Rialachas |
| | <u>288,894</u> | <u>(6,854)</u> | <u>282,040</u> | <u>289,105</u> | |
| Anailisithe idir Gníomhaíochtaí carthanachta | <u>288,894</u> | <u>(6,854)</u> | <u>282,040</u> | <u>289,105</u> | |

I measc na geostas rialachais tá iocaiochtaí chuig na hiniúcháirí de £3,180 (2022-£3,000) do tháillí iniúchta agus d'ullmhú na ráiteas airgeadais.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

9 Costais Fhoirne agus Luachanna Saothair

Líon na bhFostaithe

Ar an mheán fostaíodh triúr fostaithe go míosúil i gcaitheamh na bliana: 3 (2022: 3).

| | 2023 Líon | 2022 Líon |
|-------------------------|--------------|--------------|
| Fostaithe Lánaimseartha | 3 | 3 |

Costais Fhostaíochta

| | 2023 £ | 2022 £ |
|----------------------------|-----------|-----------|
| Tuarastail | 110,568 | 100,966 |
| Costais slándála sóisialaí | 7,587 | 6,829 |
| Costais phinsin eile | 17,283 | 17,829 |
| | 135,438 | 125,624 |

Ba é Pilib Ó Ruanaidh an t-aon fhostaí amháin ann a thuill tuarastal de níos mó ná £60,000 i mbliana.

Ní bhfuair iontaobhaí ar bith iocaíocht nó speansais ón iontaobhas i rith na bliana nó na mblianta roimpi.

10 Eile

| | 2023 £ | 2022 £ |
|---|-----------|-----------|
| Glanchailteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe. | - | 31,168 |

11 Cánachas

Is carthanacht chláráithe an t-iontaobhas mar sin tá sé i dteideal díolúintí ar leith ar ioncam nó ar bhrabúis óna infheistíochtaí agus ghníomhaíochtaí carthanachta má úsáidtear na brabúis seo do chuspóirí carthanachta. Tá an t-iontaobhas cláráithe le Coimisiún um Charthanachtaí Thuaisceart Éireann. (NIC 100147).

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

12 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Talaimh agus Foirgnimh £ Ruilse | Daingneáin agus Feistis £ | Ríomhairí £ | Iomlán £ |
|-------------------------------|---------------------------------------|---------------------------------|----------------|-------------|
| Costas | | | | |
| Ag 1 Aibreán 2022 | 2,685,070 | 17,091 | 7,709 | 2,709,870 |
| Ag 31 Márta 2023 | 2,685,070 | 17,091 | 7,709 | 2,709,870 |
| Díluacháil agus Lagú | | | | |
| Ag 1 Aibreán 2022 | 99,134 | 16,837 | 7,709 | 123,680 |
| Táilli díluachála don bhliain | 53,701 | 51 | - | 53,752 |
| Ag 31 Márta 2023 | 152,835 | 16,888 | 7,709 | 177,432 |
| Méid tugtha ar aghaidh | | | | |
| Ag 31 Márta 2023 | 2,532,235 | 203 | - | 2,532,438 |
| Ag 31 Márta 2022 | 2,585,936 | 254 | - | 2,586,190 |

13 Caiteachas ceadaithe ar fhoirgnimh scoile

| | Iarmhéid ag 1 Aibreán 2022 £ | Breise £ | Diúscairí £ | Cistí £ | Iarmhéid ag 31 Márta 2023 £ |
|-----------------------|---------------------------------------|-------------|----------------|------------|--------------------------------------|
| Bunscoil an Traonaigh | 302,016 | - | (311,874) | 9,858 | - |
| Scoil an Droichid | 188,220 | - | (190,550) | 2,330 | - |
| | 490,236 | - | (502,424) | 12,188 | - |

14 Réadmhaoin Infheistíochta

| | 2023 £ |
|---|-----------|
| Luach Cothrom | |
| Ag 1 Aibreán 2022 agus ag 31 Márta 2023 | 266,392 |

15 Fiachóirí

| Méideanna ag titim iníoctha taobh istigh de bhliain amháin: | 2023 £ | 2022 £ |
|---|-----------|-----------|
| Fiachóirí trádála | 18,097 | 18,917 |
| Fiachóirí eile | 12,320 | 106,000 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe | 3,443 | 387 |
| | 33,860 | 125,304 |

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

16 Creidiúnaithe: méideanna ag titim iníoctha taobh istigh de bhliain amháin

| | Nótaí | 2023 £ | 2022 £ |
|-----------------------------------|-------|----------------|----------------|
| Ioncam iarchurtha | 17 | 39,193 | 39,193 |
| Creidiúnaithe trádála | | 92,834 | 127,863 |
| Creidiúnaithe eile | | 1,000 | - |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | | 8,587 | 5,790 |
| | | <u>141,614</u> | <u>172,846</u> |

17 Ioncam iarchurtha

| | 2023 £ | 2022 £ |
|--|------------------|------------------|
| Ag teacht chun cinn ó dheontais rialtais | 1,802,863 | 1,842,056 |
| Ioncam iarchurtha eile | 39,193 | 39,193 |
| | <u>1,842,056</u> | <u>1,881,249</u> |

Tá ioncam iarchurtha sna ráitis airgeadais mar a leanas:

| | 2023 £ | 2022 £ |
|--------------------------|------------------|------------------|
| Dliteanais reatha | 39,193 | 39,193 |
| Dliteanais neamhreatha | 1,802,863 | 1,842,056 |
| Ioncam iarchurtha iomlán | <u>1,842,056</u> | <u>1,881,249</u> |

Is ionann ioncam iarchurtha agus deontais rialtais a fuarthas do thograí caipitil. Eiseofar an t-ioncam iarchurtha do Ráiteas na nGníomhaíochtaí Airgeadais de réir na rátaí díluachála a bheidh i bhfeidhm leis an réadmhaoin ábhartha.

Bhí an t-ioncam iarchurtha eisithe i mbliana de réir na táille díluachála a gearradh.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRТА 2023

18 Cistí Neamhshrianta

| | Gluaiseacht i gcistí | | | |
|-------------------|-------------------------------|--------------------------------|--------------------|------------------------------|
| | Iarmhéid ag 1 Aibreán 2022 | Acmhainní ag teacht isteach | Acmhainní caite | Iarmhéid ag 31 Márta 2023 |
| | £ | £ | £ | £ |
| Ciste iontaobhais | 1,564,245 | 195,413 | (241,363) | 1,518,295 |
| | <u>1,564,245</u> | <u>195,413</u> | <u>(241,363)</u> | <u>1,518,295</u> |

DENI

Is ionann ciste DENI agus na fáiltais a fuarthas ón Roinn Oideachais le scoileanna a dhílsiú. Is féidir leis an Iontaobhas an t-airgead seo a úsáid lena chuspóirí a bhaint amach agus ní ciste srianta é. Mar sin de, aistríodh go dtí an ciste iontaobhais é.

19 Cistí Srianta

Áirítear ar chistí ioncaim an Iontaobhais cistí srianta a chuimsíonn na hiarmhéideanna gan chaitheamh a leanas de na deonacháin agus na deontais atá á dteachtadh ar iontaobhas do chuspóirí sonracha:

| | Gluaiseacht i gcistí | | | |
|--------------------------|-------------------------------|--------------------------------|--------------------|------------------------------|
| | Iarmhéid ag 1 Aibreán 2022 | Acmhainní ag teacht isteach | Acmhainní caite | Iarmhéid ag 31 Márta 2023 |
| | £ | £ | £ | £ |
| Ciste Mhic Thiarnáin | 34,699 | - | (4,000) | 30,699 |
| DENI – Ciste cóiríochta | 116,273 | 2,107,180 | (145,116) | 2,078,337 |
| Ciste caipitil teangacha | 30,000 | - | (30,000) | - |
| | <u>180,972</u> | <u>2,107,180</u> | <u>(179,116)</u> | <u>2,109,036</u> |

Ciste Cóiríochta

Is ciste an Ciste cóiríochta a bhronn an Roinn Oideachais in 2010 chun cur ar chumas Iontaobhas na Gaelscolaíochta cuidiú leis na costais chóiríochta agus thógála a íoc ar fud Eanáil na Gaelscolaíochta atá ag teacht chun cinn. Is ionann an t-iarmhéid ag 31 Márta agus an t-iarmhéid gan chaitheamh den chiste cóiríochta.

Déanann an Roinn athbhreithniú ar an chaitheamh agus le faomhadh na Roinne, aisíocfar do Iontaobhas na Gaelscolaíochta é a ligfidh dó athinfheistiú i dtionscail eile den chineál céanna. I ndeireadh na dála, tá an ciste nó cuid ar bith de gan chaitheamh iníochta leis an Roinn. Fuair an tIontaobhas £1,812,000 i mbliana mar íocaíocht bhreise sa chiste cóiríochta, agus méid iomlán de £295,180 mar aisíocaíochtaí don dá scoil a dílsíodh.

Ciste Mhic Thiarnáin

Bunaíodh Ciste Mhic Thiarnáin le sparánachtaí a chur ar fáil d'iardháltaí Choláiste Feirste, chun cuidiú leo dul go dtí an Ghaeltacht agus chun tacaíocht a thabhairt do Ghaelnaíonraí.

IONTAOBHAS NA GAELSCOLAÍOCHTA

NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 MÁRTA 2023

19 Cistí Srianta

(Ar Lean)

Ciste Caipitil Teangacha

Bronnadh an deontas seo in 2021/2022 le hobair dheisiúcháin agus fheabhsúcháin a dhéanamh ar 199 Bóthar na bhFál. Caitheadh go hiomlán é i mbliana.